

STRAITÉIS LÁNPHÁIRTIOCHTA AGUS ÉAGSÚLACHTA CHOMAIRLE NA GAILLIMHE 2013-2017

ACHOIMRE FHEIDHMEA

Ar Ghrúpa Straitéise Idirghníomhaireachtaí Lánpháirtíochta agus Éagsúlachta na Gaillimhe

Galway Rural Development Co. Ltd

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

The Integration Centre
Connecting Communities • Advancing Integration

Coart agus coin

BFCG
Bord Forbartha Chontae na Gaillimhe

Galway County Intercultural Forum

FORUM Connemara Ltd.

volunteer centre
Ionad d'Obair Deonacha na Gaillimhe
GALWAY

Minceir niga coina

Galway City & County Childcare Committee
Coiste Cúram Leanaí Chontae & Chathair na Gaillimhe

Sarda Sóchaín Éamnas Héireann

Revitalising Areas by Planning, Investment and Development
RAPID
Better Support = Equal Chance

NUI Galway
OÉ Gaillimh

FÁS
Foras Áiseanna Saothair
Training & Employment Authority

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Department of Justice and Equality

Galway County Community and Voluntary Forum
Fóram Pobail agus Deonach Chontae na Gaillimhe

Gort Resource Centre
for individuals, families and the community

Loughrea Family & Community Resource Centre

Solas Resource Centre

Aonad
A Helping Hand

Clann Resource Centre

Clár

Réamhrá…….. 1

Buíochas…….. 2

Achoimre Fheidhmeach…….4

Plean Gníomhaíochta 2013 -2017……..9

Tá clóbhualadh na Straitéise seo maoinithe faoin Chlár Forbartha Áitiúil agus Pobail atá á riaradh trí Chuideachta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe Teo, cuideachta neamhspleách atá á maoiniú ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013.

GALWAY RURAL DEVELOPMENT CO. LTD

Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

pobal
supporting communities

Brollach

Mar chathaoirleach ar Ghrúpa Straitéise Idirghníomhaireachtaí Lánpháirtíochta agus Éagsúlachta na Gaillimhe, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair agus do dhúthracht na ndaoine go léir a ghlac páirt i bhforbairt na Straitéise; baill an Ghrúpa Lánpháirtíochta agus Éagsúlachta, na fo-ghrúpaí agus iad siúd a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán agus sna grúpaí fócais ar fud Chontae na Gaillimhe.. Ba mhaith liom chomh maith aitheantas a thabhairt don obair a rinne Grúpa Tacaíochta na dTeifeach i nGaillimh agus do Ionad Dún Gibbons chun an straitéis a fhorbairt; is trua go bhfuil an dá ionad sin dúnta anois.

Táimid faoi chomaoin ag na grúpaí mionlaigh eitneacha agus na daoine aonair a roinn a dtaithí ar a saol laethúil linn. Dhírigh siad ár n-aird ar dhúshlán ar nós Baic teanga, deacrachtaí maidir le rochtain ar sheirbhísí, oiliúint agus fostaíocht a bhíonn acu ar bhonn laethúil. Tá an t-eolas seo a roinn siad linn mar threoir do na gníomhaíochtaí atá beartaithe sa Straitéis seo. Thrácht siad chomh maith ar na tograí dearfa atá á gcur i bhfeidhm ar fud an chontae. Tá gach duine a bhfuil baint acu le forbairt na Straitéise seo tiomanta go láidir don phróiseas, agus iad réidh le tabhairt faoi na dúshláin agus leis na gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm. Tá mé ag tnúth le bheith ag obair leo sin go léir a bheidh rannpháirteach sa Straitéis seo a fhad is a mhairfidh sí agus ag súil go mbeidh torthaí soiléire uirthi do dhaoine aonair agus do ghrúpaí.

Tá buíochas ar leith ag dul do David Reilly, mac léinn ó Institiúid Teicniúil na Gaillimhe (GTI) as ucht lógó a dhearadh don Straitéis Lánpháirtíochta agus Éagsúlachta ar an gclúdach tosaigh agus do Sarah Farrell, GTI, a rinne an tionscadal deartha a chomhordú leis na mic léinn sa GTI.

Agus ar deireadh thiar gabhaim buíochas le Donna Gleeson ó Fhorbairt Tuaithe na Gaillimhe ar son a cuid tiomantais agus tacaíochta d'obair Ghrúpa Straitéise Idirghníomhaireachtaí Lánpháirtíochta agus Éagsúlachta na Gaillimhe.

Delia Colahan
Príomhfheidhmeannach
Cuideachta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe

Márta 2013

"Is í an difríochta eisint na daonnachta. Is tionóisc bhreithe í an difríocht agus níor cheart di dá bhrí sin a bheith mar chúis don bhfuath ná don choimhlint. Is ceart an difríocht a fhreagairt le meas. Is ansin atá bunphrionsabal na síochána: meas don éagsúlacht."

John Hume, buaiteoir 1998 Duais Nobel na Síochána.

Séanadh

Tá sé tábhachtach a aithint nach gá gur léiriú ar gach dearcadh atá ag na n-eagraíochta a bhí páirteach i bhforbairt na Straitéise seo iad na tuairimí atá nochta ag na daoine a rabhthas i gcomhairle leo, mar atá ráite go follasach sa cháipéis straitéise.

Buíochas

Is mian le Grúpa Straitéise Idirghníomhaireachtaí Lánpháirtíochta agus Éagsúlachta na Gaillimhe buíochas a ghabháil leis na daoine agus leis na heagraíochtaí uile a ghlac páirt in ullmhú na Straitéise seo. Is iomaí uair agus lá a caitheamh le cruinnithe, taisteal, taighde, obair ghrúpaí, comhairliúchán, comhrá teileafóin, scríbhneoireacht, eagarthóireacht agus athmhachnamh ar an bpróiseas. Is mór an moladh dóibh siúd a bhí páirteach gur thugadar a gcuid ama agus a ndícheall go toilteanach, agus tuiscint a bhí acu ar thábhacht an phróisis do thodhchaí Chontae na Gaillimhe mar phobal bríomhar comhtháite.

Mar fhreagra ar thionscnaimh náisiúnta, atá liostaithe sa roinn beartais, ba é Bord Forbartha Chontae na Gaillimhe a thiomsaigh an próiseas seo, agus aontaíodh go mbeadh Forbairt Tuaithe na Gaillimhe (GRD) i gceannas ar fhorbairt na Straitéise.

Gabhaimid buíochas le gach duine sa Ghrúpa Straitéise Idirghníomhaireachtaí a rinne a ndícheall le próiseas forbartha na straitéise a chur chun cinn. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin le hOifig an Aire Lánpháirtíochta, nó an Oifig um Chur chun Cinn Lánpháirtíocht Inimirceach (OPMI) mar a thugtar anois air, ar son maoiniú a chur ar fáil trí Aonad Pobail agus Fiontraíochta Chomhairle Contae na Gaillimhe chun an Straitéis seo a fhorbairt agus a rinne maoiniú ar mhórán tionscadail lánpháirtíochta, rud a choinnigh an próiseas beo bríoch. Chomh maith leis sin chuir GRD maoiniú ar fáil ar son pleanáil agus críochnú na Straitéise faoin Chlár Forbartha Áitiúil agus Pobail agus an FSS.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Nollaig Mc Guinness a rinne na comhairliúcháin tosaigh agus a scríobh dréacht-thuarascáil mar threoir don Straitéis seo. Tugaimid aitheantas d'obair an Ionad Lánpháirtíochta agus táimid buíoch dóibh as an próiseáil pleanála a chur i gcrích agus as na seisiúin pleanála don Ghníomh Foghlamtha Rannpháirtíoch (PLA) a eagrú le Fóram Idirchultúrtha Chontae na Gaillimhe; ár mbuíochas do Kathy O'Connor a thiomsaigh an Straitéis seo le cabhair Jipe Kelly agus Seamus O'Leary; agus do Peter Szlovak agus Arthur McIlveen a thug an-chúnamh lena gcuid anailíse ar shonraí staidrimh.

Ní bheadh an Straitéis seo curtha i gcrích gan dúthracht agus dea-obair bhaill an choiste agus na bhfo-choistí, an t-eolas áitiúil a chuir siad ar fáil chomh maith le staitisticí agus taighde, agus a rinne an eagarthóireacht ríthábhachtach ar an gcáipéis seo. Ba iad seo a leanas a bhí ina gcathaoirligh ar na fo-choistí: Máire Uí Éanaigh (CGO Chontae na Gaillimhe) agus Gearóid Ó Fatharta (Fóram Lánpháirtíochta Chontae na Gaillimhe), Oideachas agus Oiliúint; Donna Gleeson (GRD) agus Denise Feeney (Fóram Pobail Chontae na Gaillimhe); Rannpháirtíocht Phobail; Jipe Kelly (An tIonad Lánpháirtíochta), Fostaíocht agus Jabanna; agus Ann Mallaghan (Comhairle

Contae na Gaillimhe), Sláinte agus Rochtain ar Sheirbhísi, a rinne a gcuid oibre go dícheallach dúthrachtach. Bhí an obair indéanta mar gheall ar dhúthracht agus ionchur bhaill na bhfo-choistí. Gabhaimid buíochas freisin le hAonad Pobail agus Fiontraíochta Chomhairle Contae na Gaillimhe a chuir spás ar fáil le haghaidh cruinnithe an Ghrúpa Straitéise Idirghníomhaireachtaí. Agus ar ndóigh is beag brí a bheadh leis an Straitéis seo murach rannpháirtíocht na ndaoine agus na ngrúpaí as mionlaigh eitneacha a thug a gcuid ama go toilteanach le tuiscint réadúil a thabhairt faoi na tograí dearfa agus na dúshláin dheacra a bhíonn rompu agus iad ag iarraidh sochaí níos comhtháite a chruthú i gContae na Gaillimhe. Buíochas le Fóram Idirchultúrtha Chontae na Gaillimhe a thug an deis do dhaoine as mionlaigh eitneacha a bheith páirteach ar bhealach eagraithe.

Níl seo Straitéis seo ach an chéad chuid de phróiseas leanúnach lánpháirtíochta a fheabhsóidh Contae na Gaillimhe. Braitheann an rath a bheidh air ar cheannaireacht agus ar rannpháirtíocht na soláthraithe seirbhísí, na ndaoine na ngrúpaí as mionlaigh eitneacha agus rannpháirtíocht an phobail i gcoitinne.

Achoimre Fheidhmeach

Thuas, ar clé: Breithniú ar ionchur ó na seisiúin pleanála lánpháirtíochta.

Thuas, ar dheis: Ag glacadh páirt i Mórshiúl Lá Fhéile Pádraig i nGaillimh.

Cúlra agus Réamhrá

Is toradh í an Straitéis seo ar iarracht bhríomhar a rinne daoine agus soláthraithe seirbhísí i gContae na Gaillimhe le dul i ngleic leis na hathruithe móra déimeagrafacha a tharla ar fud an Chontae le deich mbliana nó níos mó. Cosúil leis an chuid eile d'Éirinn, bhí éagsúlacht riamh i gContae na Gaillimhe, le pobal mór den Lucht Siúil agus aicmí éagsúla creidimh. Níor ainmníodh ná níor aithníodh an éagsúlacht seo i gcónaí. Ach leis na treochtaí inimirce agus eisimirce atá ann le tamall anuas, tá an éagsúlacht cultúir, teangacha, creidimh agus traidisiúin i bhfad níos feiceálaí agus ní mór tuiscint, feasacht agus meas ar chultúir a mhéadú dá réir. Tá athrú drámata ar eacnamaíocht na hÉireann le tamall de bhlianta anuas, mar atá ar an daonra. Tá na ciorraithe eacnamaíocha ar sheirbhísí poiblí agus pobail, a éilíonn cónascadh, breis oibre, agus ualach níos mó ar acmhainní foirne, ag cur isteach ar gach leibhéal seirbhíse is féidir a sholáthar, agus ar na daoine is leochailí sa tsochaí go minic. Cuireadh deireadh le cuid de na heagraíochtaí ar bhí ag obair go dlúth le mionlaigh eitneacha ag tús na Straitéise, ar nós Grúpa Tacaíochta Teifigh na Gaillimhe (GRSG), mar nach raibh maoiniú ann dóibh níos mó, agus dúnadh Ionad Sóthalar Díreach Cóiríochta Dún Gibbons.

Sa bhliain 2009, fuair Comhairle Contae na Gaillimhe, tríd an Aonad um Lánpháirtíocht Shóisialta, maoiniú ó Oifig an Aire Lánpháirtíochta (OPMI) le dul i ngleic leis na hathruithe suntasacha déimeagrafacha seo agus le tógáil ar fhreagairt agus ar thograí áitiúla a bhí ar bun cheana le sochaí níos comhtháite a chruthú. Leis an tacaíocht seo, chabhraigh Cuideachta

Forbartha Tuaithe na Gaillimhe le Grúpa Straitéise Idirghníomhaíochtaí le réimse leathan a bhunú, le maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt an Straitéis Lánpháirtíochta seo. Mar gur próiseas dhá threo í an lánpháirtíocht, tá an Straitéis ann do gach duine atá ina gcónaí agus/nó ag obair i gContae na Gaillimhe, le haird ar leith ar lánpháirtíocht na bpobal ó mhionlaigh eitneacha.

Is mar seo a leanas atá an Straitéis leagtha amach: Cuirtear an plean i láthair i gCaibidil 1; Déantar athbhreithniú ar an mBeartas Lánpháirtíochta Eorpach agus Náisiúnta i gCaibidil 2; Tugtar próifíl staitistiúil de na pobail ó mhionlaigh eitneacha i gCaibidil 3 go náisiúnta agus i gContae na Gaillimhe; Tá forléargas ar an mhodheolaíocht a úsáideadh in áiteanna éagsúla chun an straitéis seo a fhorbairt i gCaibidil 4; Cuirtear na príomhthorthaí i láthair i gCaibidil 5, idir dhearfadh agus dhúshlánach; agus tá forléargas i gCaibidil 6 de na pleananna mionsonraithe gníomhaíochta atá ann le haghaidh ceithre théarma leathan.

Lánpháirtíocht Eorpach agus Náisiúnta

Cé gur le déanaí a tháinig an inimirce agus an lánpháirtíocht ar mhórscála go hÉirinn, is cuid de chomhphobal leathan Eorpach muid atá i ngleic leis na saincheisteanna seo le blianta fada. Is páirtithe sinn i dtreoracha Eorpacha, ach is mian linn chomh maith foghlaim ó thaithí na dtíortha eile ar an lánpháirtíocht agus leas a bhaint aisti. Sa spiorad seo, tá Acmhainn Taighde Beartais forbartha ag an Ionad Lánpháirtíochta do na Príomhbheartais AE agus Náisiúnta mar chabhair agus mar threoir do straitéisí áitiúla. Tugtar achoimre ar straitéisí móra AE agus Náisiúnta i gcaibidil beartais na cáipéise seo, mar threoir agus mar spreagadh do smaointe straitéiseacha agus don phleanáil áitiúil don lánpháirtíocht.

Chomh maith leis sin, bhain an Grúpa Straitéise Idirghníomhaireachtaí leas as dea-obair lucht acadúil agus taighde OÉ, Gaillimh atá ag déanamh a gcion go cumasach ar son an chlár oibre lánpháirtíochta sa Chontae agus go náisiúnta.

Deimeagrafaíocht agus Próifílí Staitisticiúla

Tugtar forléargas ar an déimeagrafaíocht agus ar na staitisticí a bhaineann le daonraí eitneacha mionlaigh, ag tarraingt ó fhoinsí éagsúla, ach ó Dhaonáireamh 2011 go háirithe. Sa roinn seo, tugtar forléargas ar phróifílí daonra agus aoise do phobail mionlaigh eitneacha ó chúlra inimirceach, agus don Lucht Siúil. Léirítear méadú in ilghnéitheacht na sochaí i gContae na Gaillimhe le fréamhacha ag 9.3% den daonra i gcultúir as lasmuigh d'Éirinn agus 1.4% aitheanta mar bhaill den Lucht Siúil.

Cuirtear roinnt staitisticí tábhachtacha ar fáil chomh maith maidir le ceithre tháscaire leathan don lánpháirtíocht: oideachas, fostaíocht, iniamh sóisialta; agus rannpháirtíocht pholaitiúil agus shibhialta. Baineann na táscairí seo le moltaí ag leibhéal an AE faoin gcaoi le monatóireacht a dhéanamh ar bheartas lánpháirtíochta, agus tugtar léargas iontu ar na pobail mionlaigh eitneacha sa Chontae.

Modheolaíocht Pleanála

Baineann éagsúlacht leis na modheolaíochtaí a úsáideadh agus an Straitéis seo á forbairt, agus tháinig forbairt orthu le himeacht ama. Bhí modh a úsáideadh fréamhaithe i dtaithí áitiúil na mionlach eitneach agus na soláthróirí seirbhísí araon a fhiosrú, ionas go mbeadh an Contae in ann straitéis shonrach ábhartha a fhorbairt do na hathruithe sa daonra.

Bhain Céim 1 den phróiseas pleanála le struchtúr idirghníomhach ilpháirtí leasmhar a bhunú le téarmaí tagartha soiléire a shocrú don phróiseas agus d'fhonn dul chun cinn an phróiseas a threorú ina dhiaidh sin. Cuireadh tús le comhairliúchán mionsonraithe le baill den phobal agus le soláthróirí seirbhísí i gcéim 2 in obair an taighdeora Nollaig McGuinness a stiúir 22 comhairliúchán le soláthraithe seirbhísí, i gcruinnithe nó ar an teileafón. D'eagraigh sé dhá dhíospóireacht le grúpaí fócais chomh maith: ceann amháin le háitritheoirí Ionad Soláthar Díreach Dún Gibbons; agus an ceann eile leis an earnáil pobail. Tá tuarascáil mhionsonraithe faoi na comhairliúcháin seo imlínithe sa phríomhcháipéis.

Bhain Céim 3 leis na ceithre príomhthéama a tháinig chun cinn sa taighde a ainmniú. D'úsáid fochoistí téamacha torthaí an bhuntaighde seo ansin le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an straitéis seo i gCéim 4 den phróiseas. Ar deireadh thiar, bhí Céim 5 den phróiseas pleanála á áisiú ag an Ionad Lánpháirtíochta le súil leis an phróiseas pleanála lánpháirtíochta a chur i gcrích trí sheisiúin pleanála bunaithe ar FGR le Fóram Idirchultúrtha Chontae na Gaillimhe. Úsáideadh modheolaíochtaí FGR (Foghlaim agus Gníomhaíocht Rannpháirteach) a spreagann rannpháirtithe mar 'shaineolaithe áitiúla' a thugann treoir don taighde agus don fhoghlaim, agus níos tábhachtaí ná sin, a spreagann na rannpháirtithe féin le bheith rannpháirteach sa phróiseas pleanála agus i bhfeidhmiú na ngníomhaíochtaí aontaithe ina dhiaidh sin. Mar chonclúid, tionóladh seisiúin athbhreithnithe le baill den Ghrúpa Straitéise Idirghníomhaireachtaí leis an Straitéis fhoriomlán lánpháirtíochta seo agus a phlean gníomhaíochta mionsonraithe a dhréachtú agus a spriocanna a aontú.

Príomhthorthaí: Pointí Dearfacha agus Dúshláin

Bhí torthaí dearfacha go leor ar gach céim den phróiseas pleanála, rud a léirigh na hiarrachtaí atá déanta ag a lán eagraíochtaí áitiúla, agus go bhfuil a lán de na mionlaigh eitneacha i gContae na Gaillimhe sásta lena staid i gContae na Gaillimhe agus gur mhaith leo áit chónaithe a dhéanamh den chontae seo dóibh féin agus dá dteaghlaigh. Tugtar forléargas thíos ar na pointí dearfacha a aithníodh, agus ar féidir tógáil orthu:

1. Lánpháirtíocht trí Bhéarla a fhoghlaim
2. Leabhrán Acmhainní Idirchultúrtha a fhorbairt do Chontae na Gaillimhe
3. Foghlaim na Gaeilge agus an chultúir ghaelaigh
4. Gníomhaíochta scoile a chothaíonn an fhoghlaim idirchultúrtha
5. Comhpháirtíocht idir gníomhaireachtaí le tacú le lucht iarrtha tearmainn sa Chlochán
6. Foghlaim an Bhéarla le deiseanna fostaíochta a fheabhsú.
7. Obair dheonach mar chasán chun fostaíochta

8. Tacaí don fhostaíocht
9. Eadránaithe fostaíochta GRD
10. Tacaíocht phraiticiúil fostaíochta agus gnó á sholáthar ag Ionaid Eolais do Shaoránaigh
11. Clár Meantóireacht Píolótach an GRSG

12. Fóram Réigiúnach Sláinte Idirchultúrtha(Gaillimh, Maigh Eo agus Ros Comáin)
13. Eadránaithe Idirchultúrtha oilte le cúnamh a thabhairt maidir le Saincheisteanna sláinte
14. Foirne Bunchúraim bunaithe ar fud an Chontae
15. Coiste Éagsúlachta bunaithe i nGrúpaí Ospidéal Ollscoil na Gaillimhe
16. Treoirlínte Deachleachtais ar bhun píolótach le mionlaigh eitneacha ag úsáid FGR i nGaillimh

17. Bunú Fhóram Idirchultúrtha Chontae na Gaillimhe
18. Gníomhaíochtaí agus féilte chun an lánpháirtíocht a chur chun cinn
19. Gníomhaíochtaí iniata spóirt
20. Tionscadail shonracha a dhíríonn ar dhaoine óga sna mionlaigh eitneacha
21. Caidreamh a thógáil agus baic a shárú le gníomhaíochtaí deonacha
22. Oibrí pobail nó grúpa tacaíochta dílsithe do ghrúpaí eitneacha mionlaigh
23. Leabharlanna a úsáid don obair lánpháirtíochta
24. Tacaí faisnéise agus stocaireachta
25. Cothú na lánpháirtíochta sna meáin áitiúla

Mar is léir, is iomaí togra atá forbartha ag Contae na Gaillimhe le fáilte a chur roimh pobail ó mhionlaigh eitneacha, le cúnamh a thabhairt dóibh agus le hiad a áireamh agus a chur ar a suaimhneas anseo sa chontae. Cuireadh béim áfach sa phróiseas pleanála ar na dúshláin seo a leanas nach mór tabhairt fúthu:

1. Ciníochas, leithcheal agus steiréitíopáil dhiúltach
2. Deacrachtaí cumarsáide agus easpa faisnéise
3. Deacrachtaí le an gcóras oideachais Éireannach
4. Deacrachtaí ginearálta ó thaobh oiliúna
5. Baic theanga ag cur isteach ar fhostaíocht
6. Idirdhealú agus dúshaothrú san obair
7. Rannpháirtíocht theoranta Líonraí Tacaíochta Gnó Áitiúla
8. Easpa faisnéise faoi dheiseanna gnó agus fostaíochta
9. Fadhbanna le ceadanna fostaíochta
10. Deacrachtaí le haitheantas do cháilíochtaí
11. Eagla agus imní faoi leasa sóisialaigh
12. Rochtain ar sheirbhísí sláinte atá oiriúnach don chultúr
13. Deacrachtaí maidir le rochtain ar sheirbhísí poiblí
14. Deacrachtaí a bhí ag mionlaigh eitneacha maidir le rochtain ar thacaí reachtúla
15. Easpa oibrithe dílsithe sóisialta d'Ionaid Soláthair Dhíreacha
16. Spéis theoranta san idirchultúrachas
17. Stoiteacht agus easpa spásanna sóisialta le haghaidh idirghníomhaíochtaí
18. Deacrachtaí le móiminteam ghrúpaí eitneacha miolnaigh a choinneáil suas
19. Leibhéil ísle rannpháirtíochta sibhialta

Plean Gníomhaíochta Cúig Bliana (2013-2017)

I bhfianaise na dtorthaí atá ar chéimeanna tosaigh an phróiseas pleanála seo, bheartaigh an Grúpa Straitéise Idirghníomhaireachtaí gur cheart pleanáil gníomhaíochtaí a roinnt de réir na gceithre phríomhréimse seo a leanas:

1. Oideachas agus Oiliúint
2. Fostaíocht agus Obair
3. Sláinte agus Rochtain ar Sheirbhísí Poiblí
4. Rannpháirtíocht an Phobail

Cuireadh ceithre fho-choiste téamach ar bun ó bhaill an Ghrúpa Straitéise Idirghníomhaireachtaí le pleananna gníomhaíochta a fhorbairt i bhfianaise na bpríomhthorthaí agus maidir le gach ceann den cheithre phríomhréimse. Cuireadh de chúram ar na fo-choistí chomh maith gníomhaireachtaí treoracha agus comhpháirtíochta a aithint le bheith rannpháirteach i bhfeidhmiú gach gníomhaíochta atá liostaithe sa phlean seo. Bhí an t-ionchur breise ó na seisiúin pleanála GFR le Fóram Idirchultúrtha Chontae na Gaillimhe ina threoir bhreise do phróiseas pleanála na céime seo.

Tugtar forléargas ar thorthaí na céime deiridh seo den phróiseas pleanála i gCaibidil 6 den Straitéis seo. Imlínítear sprioc foriomlán cláir i bpleananna gníomhaíochta na gceithre réimse téamacha, chomh maith le roinnt cuspóirí gaolmhara straitéiseacha agus gníomhaíochtaí mionsonraithe a bhfuiltear ag súil go mbainfear cuspóirí lánpháirtíochta amach leo. Tá eagraíochtaí treoracha aontaithe agus ainmnithe le haghaidh gach gníomhaíocht, chomh maith le roinnt comhpháirtithe ionchasacha straitéise a bheadh in ann ann cabhrú, ag brath ar ndóigh ar am agus acmhainní a bheith ar fáil. Tugtar imlíne chomh maith de na torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus de na frámaí ama le haghaidh gach gníomhaíocht d'fhonn feidhmiú agus monatóireacht an Straitéis Lánpháirtíochta áitiúil seo do Chontae na Gaillimhe a áisiú.

Caibidil 6: Plean Gníomhaíochta 2013 - 2017



Tá sprioc don chlár chomh maith le cuspóirí agus gníomhaíochtaí sonracha leagtha amach sa phlean gníomhaíochta ceithre bliana seo don cheithre réimse téamach seo a leanas:

- Téama 1: Oideachas agus Oiliúint
- Téama 2: Fostaíocht agus Obair
- Téama 3: Sláinte agus Rochtain ar Sheirbhísí
- Téama 4: Rannpháirtíocht an Phobail

Tá réamhrá le gach ceann den cheithre phlean gníomhaíochta ina ndéantar achoimriú ar na tograí gaolmhara dearfacha agus ar na dúshláin a dtugtar forléargas orthu i gcaibidil na dtorthaí. Tá eagraíochtaí treoracha aontaithe agus luaite go soiléir le haghaidh gach gníomhaíochta thíos. Tugtar liosta chomh maith de chomhpháirtithe ionchasacha le haghaidh gach gníomhaíocht, ach d'fhéadfadh a leibhéal rannpháirtíochta a bheith difriúil agus ag brath ar an méid ama agus/nó acmhainní a bheidh ar fáil ag am feidhmíochta. Sonraítear frámaí ama táscacha agus na torthaí ionchasacha le haghaidh gach gníomhaíochta chomh maith ar mhaithe le cabhrú le feidhmíocht agus monatóireacht an Straitéis Lánpháirtíochta fhad-téarmach seo do Chontae na Gaillimhe.

Téama 1: Oideachas agus Oiliúint

Sprioc an Chláir: Gnóthachain oideachasúil na ngrúpaí mionlaigh eitneacha agus a bpáistí a mhéadú i gContae na Gaillimhe

Cuspóirí Straitéiseacha:

- Feasacht faoi na cláir oideachais agus oiliúna a eagraítear i gContae na Gaillimhe a mhéadú i measc grúpaí mionlaigh eitneacha
- Deiseanna a chur ar fáil le faisnéis idirghníomhaireachtaí faoi na dúshláin agus na Baic oideachais agus oiliúna atá roimh ghrúpaí eitneacha mionlaigh a roinnt, chomh maith le deachleachtais, ar mhaithe le prótacal maith atreoraithe a fhorbairt idir gníomhaireachtaí
- A chinntiú go mbíonn grúpaí eitneacha mionlaigh i gContae na Gaillimhe in ann a bheith rannpháirteach in oideachas agus oiliúint gan imní bheith orthu

Tograí Ábhartha Dearfacha Lánpháirtíochta i gCo. na Gaillimhe	Dúshláin Ábhartha Lánpháirtíochta i gCo. na Gaillimhe
• Lánpháirtíocht trí Bhéarla a fhoghlaim • Leabhrán Acmhainní Idirchultúrtha a fhorbairt do Chontae na Gaillimhe • Foghlaim na Gaeilge agus an chultúir ghaelaigh • Gníomhaíochta scoile a chothaíonn an fhoghlaim idirchultúrtha • Comhpháirtíocht idir gníomhaireachtaí le tacú le lucht iarrtha tearmainn sa Chlochán	• Deacrachtaí le an gcóras oideachais Éireannach • Deacrachtaí ginearálta ó thaobh oiliúna • Ciníochas, leithcheal agus steiréitíopáil dhiúltach • Deacrachtaí cumarsáide agus easpa faisnéise

Gníomhaíochtaí	**Eagraíochtaí Treoracha**	**Comhpháirtithe Straitéiseacha**	**Torthaí Ionchasacha**	**Fráma Ama**
1.1 Saincheisteanna rochtana agus dul chun cinn do phobail mionlaigh eitneacha a aithint, a rianú agus a thaifeadadh, lena n-áirítear athbhreithniú ar chleachtais reatha maidir le hoideachas bunúsach teanga a sheachadadh trí thaighde aitheanta agus roinnt leis na gníomhaireachtaí ábhartha.	CGO/GRD/FÓRAM (Maoiniú Taighde) Grúpa Straitéise	Fóram Idirchultúrtha An tIonad Lánpháirtíochta Páirtithe Leasmhara ábhartha eile Baill an Choiste Lánpháirtíochta agus Éagsúlachta	- Bearnaí i soláthar oideachais agus teanga agus straitéisí chun dul i ngleic leis na bearnaí seo a aithint. (Is féidir leis seo a bheith mar threoir do ghníomhaíocht 1.3).	2013-2014

1.2 Cláir Litearthachta d'Aosaigh, BCTE, foghlaim Teaghlaigh agus Tuismitheoireachta a sholáthar go leanúnach le béim ar mhodhanna nuálacha.	CGO	Ionaid Acmhainní Teaghlaigh An tIonad Lánpháirtíochta Baill an Choiste Lánpháirtíochta agus Éagsúlachta GRD/FÓRAM Fóram Tuismitheoireachta an Chontae Páirtithe Leasmhara ábhartha eile	- Réimse tacaí oideachasúla a sholáthar do dhaoine aonair agus do theaghlaigh le freastal go sásúil ar a gcuid riachtanas.	Leanúnach
1.3 Faisnéis faoi dheiseanna oideachasúla a dháileadh m.sh. BCTE do thuismitheoirí, cláir agus tacaí creidiúnaithe atá ar fáil, lena n-áirítear cúram leanaí, ag úsáid líonraí faisnéise agus ardáin a dhíríonn ar phobail eitneacha mionlaigh	Fóram Idirchultúrtha	Ionaid Acmhainní Teaghlaigh An tIonad Lánpháirtíochta GRD/FÓRAM CGO GCCCC WTID/GTM Ionaid Eolais do Shaoránaigh OÉ, Gaillimh Páirtithe Leasmhara ábhartha eile	- méadú ar rochtain ar dheiseanna agus ar thacaí oideachasúla do mhionlaigh eitneacha. - Feasacháin rialta a fhorbairt faoi dheiseanna BCTE ar ardáin na meán sóisialta BCTE a chur chun cinn go rialta sna meáin áitiúla.	2013
1.4 Deiseanna a chruthú leis na páirtithe leasmhara éagsúla atá páirteach i soláthar an oideachais a t habhairt le chéile le seirbhís chomhtháite a fhorbairt do phobail na mionlach eitneach.	Comhairle Contae na Gaillimhe	Ionaid Acmhainní Teaghlaigh Fóram Idirchultúrtha GRD/FÓRAM/ COMHAR Baill an Choiste Lánpháirtíochta agus Éagsúlachta	Struchtúir a fhorbairt a thabharfadh tacaíocht do sheirbhís chomhtháite do inimircigh d'fhonn na deiseanna oideachais atá ar fáil dóibh a bhreisiú agus a n-eolas ar Chóras Oideachais na hÉireann a fheabhsú.	2013- 2016

		CGO WTID/GTM GCCCC OÉ, Gaillimh Páirtithe Leasmhara ábhartha eile		
1.5 Tacú le feidhmiú chlár na Brataí Buí i gContae na Gaillimhe.	GRD/ITM/GTM	Fóram Idirchultúrtha Ionad Oideachais na Gaillimhe Baill an Choiste Lánpháirtíochta agus Éagsúlachta Páirtithe Leasmhara ábhartha eile	- Feasacht níos mó faoin éagsúlacht inár scoileanna.	2013-2017 (ag brath ar mhaoiniú)
1.6 Seisiúin faisnéise a eagrú don Lucht Siúil faoi dheiseanna san oideachas, lena n-áirítear leanúnachas agus forbairt sa dara leibhéal tar éis tacú scoile (nuair is féidir) le tacú le dul chun cinn an Lucht Siúil agus daoine óga as mionlaigh eitneacha.	CGO/GRD	GTM WTID SCP Páirtithe Leasmhara ábhartha eile SCP Tuaim Scoil	- Feasacht faoi dheiseanna oideachasúla a mhéadú i measc an Lucht Siúil. - Freastal spriocghrúpaí ar sheisiúin oscailte faisnéise a mhéadú. - Rannpháirtíocht in oideachas agus in oideachas leanúnach a mhéadú. - Líon na ndaoine óga ón Lucht Siúil a chríochnaíonn oideachas dara leibhéil a mhéadú.	2013-2014
1.7 Tacú le Plean Idirghníomhaireachtaí Chontae na Gaillimhe don Lucht Siúil, le béim ar leith ar Chomhionnanas agus Éagsúlacht a chur chun cinn i réamhscoileanna agus i scoileanna.	GCCCC/GTM	Fóram Idirchultúrtha An tIonad Lánpháirtíochta GRD Páirtithe Leasmhara ábhartha eile Baill an Choiste Lánpháirtíochta agus Éagsúlachta	- Beartais comhionnanais agus éagsúlachta a mhéadú. - Athbhreithniú ar bheartais Comhionnanais ag réamhscoileanna agus ag scoileanna nuair is féidir.	2013-2014

1.8 Leanúint ar aghaidh le faisnéis a sholáthar i dteangacha éagsúla maidir le rochtain ar sheirbhísí cúram leanaí do theaghlaigh nach bhfuil Béarla mar chéad theanga acu agus cabhrú le Pobail Nua seirbhísí cúram leanaí a bhunú mar thaca don rannpháirtíocht san oideachas agus san oiliúint.	GCCCC	Fóram Idirchultúrtha An tIonad Lánpháirtíochta FRC Comhairle Contae na Gaillimhe GRD/FÓRAM	- Rochtain ar sheirbhísí cúram leanaí a áisíonn ranpháirtíocht in oideachas agus oiliúint agus deiseanna luathoideachais a sholáthar do leanaí i bPobail Nua. - tosaíocht d'fhaisnéis i dtaobh seirbhísí cúram leanaí i dteangacha éagsúla sa GCCC.	Leanúnach

Téama 2: Fostaíocht agus Obair

Sprioc an Chláir: Ionchais fostaíochta na bpobal mionlaigh eitneacha a mhéadú i gContae na Gaillimhe agus a chinntiú go mbeidh tacaíocht shásúil á fáil acu le rochtain a fháil ar fhostaíocht agus lena ngnó a bhunú agus a fhás

Cuspóirí Straitéiseacha:

- An leibhéal oiliúna sa Bhéarla a mhéadú le freastal ar riachtanais na ndaoine a lbhraíonn Béarla mar dhara teanga
- A chinntiú go mbeidh rochtain ag na pobail mionlaigh eitneacha ar an tacaíocht atá ar fáil ó líonraí áitiúla agus náisiúnta tacaíochta gnó agus go mbainfidh siad leas astu
- Feasacht faoi dheiseanna gnó agus fostaíochta ar fud Chontae na Gaillimhe a mhéadú agus tacú leo rochtain a fháil ar na deiseanna sin
- A chinntiú go n-aithneoidh cuideachtaí áitiúla na deiseanna atá le baint as sochaí éagsúil chomhtháite, agus go mbeidh leas á bhaint acu as na deiseanna seo chun a ngnó a fhás

Tograí Ábhartha Dearfacha Láinpháirtíochta i gCo. na Gaillimhe	Dúshláin Ábhartha Lánpháirtíochta i gCo. na Gaillimhe
• Foghlaim an Bhéarla le deiseanna fostaíochta a fheabhsú. • Obair dheonach mar chasán chun fostaíochta • Tacaí don fhostaíocht • Eadránaithe fostaíochta GRD • Tacaíocht phraiticiúil fostaíochta agus gnó á sholáthar ag Ionaid Eolais do Shaoránaigh • Clár Meantóireacht Píolótach an GRSG	• Baic teanga ag cur isteach ar fhostaíocht • Idirdhealú agus dúshaothrú san obair • Rannpháirtíocht theoranta Líonraí Tacaíochta Gnó Áitiúla • Easpa faisnéise faoi dheiseanna gnó agus fostaíochta • Fadhbanna le ceadanna fostaíochta • Deacrachtaí le haitheantas do cháilíochtaí • Eagla agus imní faoi leasa sóisialaigh • Ciníochas, leithcheal agus steiréitíopáil dhiúltach • Deacrachtaí cumarsáide agus easpa faisnéise

Gníomhaíochtaí	Eagraíochtaí Treoracha	Comhpháirtithe Ionchasacha	Torthaí Ionchasacha	Fráma Ama
2.1 Faisnéis a scaipeadh faoi chúrsaí Béarla a eagraítear sa Chontae ag úsáid struchtúir agus líonraí atá ann cheana le díriú ar phobail mionlaigh eitneacha i gContae na Gaillimhe agus ar chumainn pobail, Leabharlanna, líonraí sóisialta, srl.	Fóram Idirchultúrtha Chontae na Gaillimhe	Seirbhísí Eolais do Shaoránaigh i dTuaim, i gCathair na Gaillimhe, sa Chlochán, srl. GRD, Fóram, Ionad Acmhainní Pobail an Ghoirt, srl.	- Má mhéadaítear an fheasacht faoi chúrsaí Béarla a eagraítear ar fud an Chontae féadfaidh níos mó inimircigh na cúrsaí a dhéanamh. Cuirfidh sé seo tuilleadh feabhais ar a gcumas cumarsáide, agus méadóidh sé na seansanna rochtana ar phostanna agus ar ghnóthaí a bhunú ar fud an Chontae.	2014
2.2 Na cúrsaí Gnó agus na laethanta oscailte fostaíochta a eagraítear ar fud an Chontae a rianú agus an t-eolas a dháileadh trí na líonraí agus na hardáin atá ann cheana a dhíríonn ar phobail eitneacha mionlaigh.	Fóram Idirchultúrtha Chontae na Gaillimhe	GRD, Onnghníomhach Bord Fiontraíochta Chathair agus Chontae na Gaillimhe	Feasacht mhéadaithe i measc pobail eitneacha mionlaigh faoi na cúrsaí Gnó agus na haonaigh fostaíochta atá ar fáil ar fud Chontae na Gaillimhe.	2013 – 2016
2.3 Próifílí scileanna a chruthú le haghaidh postanna a thabharfadh deiseanna d'inimircigh (m.sh. gníomhaire easportála do chuideachtaí atá sa tóir ar rochtain ar mhargaí iasachta) agus an oiliúint scileanna atá riachtanach le bearnaí scileanna a líonadh. (Nóta: Tá píolótú ar na cúrsaí ginearálta scileanna do phostanna a chuirtear ar fáil sa Phróiseas E-Epsol san áireamh.	Onnghníomhach	Bord Fiontraíochta Chontae agus Chathair na Gaillimhe. An tIonad Lánpháirtíochta Eadránaithe Fostaíochta Fhorbairt Tuaithe na Gaillimhe. Fóram Idirchultúrtha Chontae na Gaillimhe Comhairle Contae na Gaillimhe	- Liosta gearr de chineálacha postanna atá aitheanta Na próifílí Scileanna atá forbartha do na cineálacha postanna aitheanta - Déantar inimircigh a mheáitseáil le cuideachtaí áitiúla agus úsáidtear iad mar naisc le rochtain a fháil ar mhargaí iasachta. - Liosta de chúrsaí ionchasacha oiliúna scileanna. - Críochnóidh 25 iarrthóir ar a laghad na cúrsaí píolótacha.	Eanáir go Samhain 2013

2.4 Oiliúint a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí tacaíochta fostaíochta agus gnó faoi stádais, theidlíochtaí, ceadanna éagsúla inimirceacha srl.	An tIonad Lánpháirtíochta	Forbairt Tuaithe na Gaillimhe	- Cuirfear trí chlár oiliúna ar fáil, agus beidh 15 rannpháirtí ar a laghad i ngach clár. - Cuirfear gníomhaireachtaí tacaíochta Fostaíochta agus Gnó ar an eolas faoi staideanna éagsúla inimirce agus faoi na teidlíochtaí a ghabhann leo ó thaobh rochtain ar fhostaíocht agus seirbhísí tacaíochta jabanna. Beidh na gníomhaireachtaí ansin ábalta a gcuid acmhainní a dhíriú ar bhealach níos fearr agus tacaíocht shásúil a sholáthar dóibh siúd a bhfuil fíorghá acu leis.	2015 - 2017
2.5 Rannpháirtíocht in imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a chuireann cearta daonna agus ceartas sóisialta chun cinn trí na himeachtaí seo a chur chun cinn go háitiúil agus feasacht agus tuiscint phoiblí a mhéadú faoi méid tionchair a bhíonn ag na saincheisteanna a bhaineann leis na himeachtaí seo ar phobail mionlaigh eitneacha go háitiúil.	Fóram Idirchultúrtha Chontae na Gaillimhe.	Ionad Cearta Imirceach na hÉireann (MRCI) Comhairle Dídeanaithe na hÉireann Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe	- Míneofar an tionchar a bhíonn ag saincheisteanna cearta daonna agus éagóir shóisialta, lena n-áirítear an ceart chun oibre, agus dúshaothrú sa láthair oibre, ar phobail mhionlaigh eitneacha i gContae na Gaillimhe, agus déanfar gníomhartha dearfacha ar son sochaí níos daonnaí agus níos cóire.	2013 – 2017
2.6 Forbrófar córas le faireachán a dhéanamh ar chuideachtaí áitiúla a bhfuil bearta i bhfeidhm acu chun an éagsúlacht a chur chun cinn agus le cuideachtaí mar sin a ainmniú le aitheantais agus gradam a bhronnadh orthu.	Fóram Idirchultúrtha Chontae na Gaillimhe.	An tIonad Lánpháirtíochta Comhairle Contae na Gaillimhe	- Spreagfar na cuideachtaí áitiúla a mbronnfar aitheantas agus gradaim orthu ar son chur chun cinn na héagsúlachta agus na lánpháirtíochta le leanúint ar aghaidh leis na bearta sin. Is féidir go leanfaidh cuideachtaí eile an sampla a thugann siad.	2015 - 2017

2.7 Faisnéis a sholáthar do mhionlaigh eitneacha i gContae na Gaillimhe faoi dheiseanna áitiúla deonacha agus cabhrú le daoine rochtain a fháil ar na deiseanna sin.	Ionad Oibrithe Deonacha na Gaillimhe	Fóram Idirchultúrtha Chontae na Gaillimhe.	- Méadú ar rochtain ar dheiseanna deonacha i measc na bpobal mionlaigh eitneacha. Cabhróidh sé seo le daoine taithí áitiúil a fháil agus a gcuid seansanna fostaíochta a fheabhsú.	2013-2017
2.8 Feasacht faoi dheisesanna do mhná mionlaigh a mhéadú i ngnó, agus a bhfuil foghlamtha ó shraith straitéisí fiontraíochta GTM do mhná an lucht siúil a chomhroinnt.	Comhairle Dídeanaithe na hÉireann	Fóram Idirchultúrtha Chontae na Gaillimhe. An tIonad Lánpháirtíochta Comhairle Contae na Gaillimhe	- Méadú ar an bhfeasacht do mhná mionlaigh maidir le rochtain ar thacaíocht le haghaidh smaointe agus deiseanna gnó a fhorbairt.	2013

Téama 3: Sláinte agus Rochtain ar Sheirbhísí

Sprioc an Chláir: A chinntiú go mbíonn rochtain chóir chothrom ag baill de na pobail inimirceacha ar na seirbhísí poiblí.

Cuspóirí Straitéiseacha:

- A chinntiú go mbeidh faisnéis agus rochtain ar sheirbhísí ar fáil do na pobail mionlaigh eitneacha go léir
- An oiliúint idirchultúrtha chuí a sholáthar do sholáthraithe seirbhísí d'fhonn a chinntiú go mbeidh gach seirbhís saor ó chiníochas, idirdhealú agus ó steiréitíopáil dhiúltach
- Seirbhísí sláinte atá oiriúnach ó thaobh cultúir a sholáthar

Tograí Ábhartha Dearfacha Láinpháirtíochta i gCo. na Gaillimhe	Dúshláin Ábhartha Lánpháirtíochta i gCo. na Gaillimhe
• Fóram Réigiúnach Sláinte Idirchultúrtha(Gaillimh, Maigh Eo agus RosComáin) • Eadránaithe Idirchultúrtha oilte le cúnamh a thabhairt maidir Saincheisteanna sláinte • Foirne Bunchúraim bunaithe ar fud an Chontae • Coiste Éagsúlachta bunaithe i nGrúpaí Ospidéal Ollscoil na Gaillimhe • Treoirlínte Deachleachtais ar bhun píolótach le mionlaigh eitneacha ag úsáid FGR i nGaillimh • Uirlis GP an Togra RESTORE i nGaillimh	• Rochtain ar sheirbhísí sláinte atá oiriúnach don chultúr • Deacrachtaí maidir le rochtain ar sheirbhísí poiblí • Deacrachtaí a bhí ag mionlaigh eitneacha maidir le rochtain ar thacaí reachtúla • Easpa oibrithe dílsithe sóisialta d'Ionaid Soláthair Dhíreacha • Ciníochas, leithcheal agus steiréitíopáil dhiúltach • Deacrachtaí cumarsáide agus easpa faisnéise

Gníomhaíochtaí	Eagraíochtaí Treoracha	Comhpháirtithe Straitéiseacha	Torthaí Ionchasacha	Fráma Ama
Téama 3a: Rochtain ar Sheirbhísí Poiblí				
3.1 Fógraíocht áitiúil a úsáid le feasacht faoi na seirbhísí poiblí a ardú, agus bileoga inrochtana aistrithe faisnéise a dháileadh in Ionaid Faisnéise Pobail, leabharlanna agus pointí faisnéise eile i gContae na Gaillimhe.	Seirbhís Faisnéise na Saoránach (CIS/CIC)	Fóram Idirchultúrtha Comhlachtaí Poiblí Seirbhís Leabharlanna Chontae na Gaillimhe. WTID/GTM Na meáin áitiúla	- Oiliúint agus rannpháirtíocht do bhaill na bpobal mionlaigh eitneacha atá rannpháirteach i dtabhairt comhairle/faisnéise i suímh chomhtháite chomhairleacha. - Pobail mionlaigh eitneacha níos eolaí agus níos mó taithí acu ar rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí agus deonacha sa Chontae agus lasmuigh de.	2013-2017
3.2 Laethanta oiliúna/feasachta idirchultúrtha agus éagsúlachta a eagrú le soláthraithe seirbhísí reachtúla agus neamhreachtúla sa Chontae le feasacht faoi chiníochas agus idirdhealú i soláthar seirbhísí a mhéadú agus an t-idirdhealú a chosc.	Forbairt Tuaithe na Gaillimhe	Comhlachtaí Forbartha Áitiúla FSS Údaráis Áitiúla Comhlachtaí reachtúla eile Grúpaí Pobail	- Méadú ar an tuiscint faoin eisiamh a chruthaítear le ciníochas agus idirdhealú i measc seachadóirí seirbhíse a ghlacann páirt san oiliúint. - Samplaí de fheabhsú cleachtais maidir le seirbhís oiriúnach ó thaobh cultúir a sheachadadh mar gheall ar fheasacht mhéadaithe.	2013
3.3 Baic ar rochtain ar Thithíocht Shóisialta do Inimircigh a aithint agus obair le hÚdaráis Tithíochta Sóisialta, FSS agus gníomhaireachtaí dóibh siúd gan dídean le caighdeán na seirbhíse agus rochtain ar thithíocht, agus ar fhaisnéis faoi rochtain ar thithíocht, a fheabhsú do phobail mionlaigh eitneacha.	An tIonad Lánpháirtíochta	Fóram Idirchultúrtha Aonad Tithíochta (CCG) FSS Fóram Gan Dídean COPE Gaillimh Clann Síomóin Threshold	- Faisnéis níos soiléire faoi bhealaí le rochtain a fháil ar thithíocht shóisialta. - Feasacht mhéadaithe in údaráis phoiblí agus tithíochta sóisialta eile (pearsanra) faoi bhaic atá ar mhionlaigh eitneacha rochtain a fháil ar an gcóras. - Faisnéis inrochtana ar fail.	2013
3.4 Oiliúint/ardú feasachta a sholáthar do lucht foirne in Aonad Tithíochta CCG maidir le pobail mionlaigh eitneacha i gContae na Gaillimhe, a gcúlra agus a riachtanais	Aonad Iniaimh Shóisialta, Comhairle Contae na Gaillimhe	Aonad Tithíochta (CCG) Fóram Idirchultúrtha an Ionad	- Méadú ar thuiscint ar na saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar phobail eitneacha mionlaigh a chónaíonn i gCondae na Gaillimhe. - Feabhas ar chaidreamh idir áitreabhaigh	2013 - 2014

teangeolaíochta agus cultúrtha eile.		Lánpháirtíochta Aonad Pobail agus Fiontraíochta (CCG)	nua i limistéir thithíochta agus lánpháirtíocht ina gcomharsanachtaí áitiúla	
3.5 Leabhrán/acmhainn faisnéise dóibh siúd atá nua sa Chontae agus/nó sa cheantar áitiúil maidir le seirbhísí/grúpaí tacaíochta srl sa cheantar.	Seirbhís Faisnéise na Saoránach (CIS/CIC)	Fóram Idirchultúrtha Aonad Tithíochta (CCG) Aonad P & F CCG Cúram Príomhúil agus Pobail FSS Grúpaí Pobail agus Deonacha WTID/GTM	- Faisnéis fheabhsaithe faoi na seirbhisí atá ar fáil d'inimircigh nua i bpobail/comharsanachtaí áitiúla agus pointí teagmhála le grúpaí pobail/deonacha	2013

Téama 3b: Sláinte				
3.6 Feachtais phoiblí agus seisiúin faisnéise poiblí a sheachadadh faoi imdhíonú, vacsaíniú agus scagadh agus seirbhísí sláinte eile i mórán teangacha le feasacht a ardú sa daonra mionlaigh eitneach.	Oifig Náisiúnta Imdhíonaithe FSS	Foirne Cúraim Phríomhúil Fóram Idirchultúrtha Aonad P & F CCG Aonaid Sainscagtha	- Bainfidh pobail eitneacha mionlaigh leas as an bhfaisnéis seo atá riachtanach le daonra sláintiúil a choinneáil.	Sceideal na bhfeachtas imdhíonaithe agus scagtha curtha ar fáil do 2013 agus na blianta dá éis.
3.7 Grúpa staidéir dílsithe a bhunú le taighde a dhéanamh ar shamhlacha sláinte an Lucht Siúil agus le moltaí a dhéanamh faoin gcaoi a bhféadfaí na samhlacha sin a athrú go samhlacha sláintiúla do ghrúpaí mionlaigh eitneacha go ginearálta.	Comhairle Dídeanaithe na hÉireann	WTID FSS PCCC Fóram Idirchultúrtha FSS THU LETB	- Úsáidfear a bhfuil foghlamtha ó Shamhlachta Sláinte an Lucht Siúil mar shamhlacha don deachleachtadh i ngnéithe de na seirbhísí do ghrúpaí mionlaigh eitneacha.. - Tá deiseanna aitheanta le haghaidh oiliúint agus acmhainní oiriúnacha ó thaobh cultúir a oiliúint do phobail mhionlaigh eitneacha.	2013
3.8 Taighde a dhéanamh ar Aitheantóirí Eitneacha a úsáid i seirbhísí i nGaillimh le hionchas	FSS	Aonad Sláinte an Lucht Siúil FSS Eagraíochtaí	- Méadú ar an gcumas chun rianú a dhéanamh ar ghlacadh ghrúpaí mionlaigh eitneacha le seirbhísí..	Tástálacha tosaigh ar an aitheantóir eitneach i Seirbhísí

rianú níos fearr a dhéanamh ar rochtain agus ar ghlacadh sna seirbhísí sláinte ag pobail mhionlaigh eitneacha i nGaillimhe.		Ionadaíocha an Lucht Siúil Fóram Idirchultúrtha Grúpaí Mionlaigh Eitneacha		Meabhairshláinte i nGaillimh (2013 - don Lucht Siúil ar dtús).
3.9 Prótacal a fhorbairt le húsáid ag Eadránaithe Idirchultúrtha agus Seirbhísí Léirmhínithe Pobail le húsáid ag soláthraithe seirbhísí Sláinte agus seirbhísí poiblí eile.	An tIonad Lánpháirtíochta	FSS Fóram Idirchultúrtha LETB (CGO roimhe seo) Comhairle Contae na Gaillimhe CIS Coiste Éagsúlachta Ollscoil na hOllscoile Gaillimh Jigsaw	- Painéal Eadránaithe Idirchultúrtha bunaithe agus creidiúnaithe go gairmiúil. - Eolas faoi luach ról na hEadránaíochta Idirchultúrtha ag soláthraithe Seirbhísí. - Eadránaithe Idirchultúrtha agus Seirbhís Teangaireachta Pobail ar fáil do ghairmeoirí seirbhísí Sláinte agus do bhaill na bpobal mionlaigh eitneacha i gContae na Gaillimhe.	Painéal Eadránaithe Idirchultúrtha bunaithe i 2013. Taighde déanta ar shaincheisteanna maidir le Seirbhísí Teangaireachta Pobail a dheimhniú de réir caighdeán gairmiúla faoi dheireadh 2013.
3.10 Liosta seiceála a chumadh agus a phíolótú le haghaidh foirne Cúraim Phríomhúil um Lánpháirtíocht le húsáid ag Dochtúirí Teaghlaigh agus gairmeoirí eile a fheidhmíonn faoi scáth na bhFCP i gContae na Gaillimhe.	FSS (Comhordnóir Fhoireann Chúraim Phríomhúil)	Fóram Idirchultúrtha Aonad Sláinte an Lucht Siúil FSS GTM & WTID	- Liosta píolótach seiceála FCP ceaptha. - Feasacht a mhéadú i measc Dochtúirí Teaghlaigh agus baill eile FCP faoi chomhdhéanamh a ndaonra ceantair agus faoin ngá atá seirbhísí cuí culturtha.	Liosta píolótach seiceála ceaptha i 2013. Seicliosta le bheith measúnaithe faoi dheireadh 2013
3.11 Leanúint ar aghaidh leis an obair a rinne Coiste Éagsúlachta Ghrúpa Oispidéil Ollscoil na Gaillimhe maidir le réimse tograí le seirbhísí a chur chun cinn do chách a fheidhmiú.	Grúpa Ospidéil Ollscoil na Gaillimhe (ranna cur chun cinn na Sláinte OOG-HR)	Fóram Idirchultúrtha Grúpa Feidhmithe don Straitéis Lánpháirtíochta Grúpaí Mionlaigh Eitneacha GTM & WTID Grúpaí Míchumais	- Méadú ar fheasacht faoi shaincheisteanna/prótacail éagsúlachta bunaithe le deileáil le grúpaí mionlaigh eitneacha i suímh ospidéil. - Samplaí de dheachleachtais i suímh ospidéil a aistriú go ranna eile agus idir gairmeoirí sláinte.	Cruinniú bliantúil na bpáirtithe leasmhara ábhartha ag OOG.

3.12 Tógáil ar bhunú an Fhóraim Réigiúnach Idirchultúrtha Sláinte trí chruinnithe rialta faoi théamaí sonracha le taithí a nuachóiriú agus a mhalartú ar fud an réigiúin; agus cur chuige straitéiseach a fhorbairt le duli ngleic le Baic a chuireann isteach ar rochtain ar sheirbhísí sláinte do phobail mhionlaigh eitneacha.	Grúpa Feidhmithe don Straitéis Lánpháirtíochta	FSS Fóram Idirchultúrtha Cuideachtaí Comhpháirtíochta Ceantair Áitiúla	- Deis ar fáil le deachleachtas a chomhroinnt ar fud an réigiúin. - Is féidir tograí nua a chur i bhfeidhm trí fhoghlaim i gceantair eile. - .Dáileadh deachleachtais idir gairmeacha sláinte agus laistigh díobh agus idir earnálacha agus laistigh díobh m.sh. sláinte, earnálacha reachtúla agus deonacha eile	Cruinniú amháin ssa bhliain den bhFóram Idirchultúrtha Sláinte.

Téama 4: Rannpháirtíocht an Phobail

Sprioc an Chláir: Lánpháirtíocht agus iniamh sóisialta gach duine nua i gContae na Gaillimhe a chur chun cinn trí níos mó rannpháirtíoch phobail.

Cuspóirí Straitéiseacha:

- Rannpháirtíocht na ngrúpaí eitneacha mionlaigh i ngníomhaíochtaí a bpobal áitiúla a spreagadh agus a áisiú.
- Timpeallacht a chruthú a chothóidh caidreamh idir grúpaí mionlaigh eitneacha éagsúla agus an pobal i gcoitinne.
- An fhaisnéis agus an tacaíocht riachtanach a sholáthar do ghrúpaí mionlaigh eitneacha agus don phobal i gcoitinne le Contae lánpháirtíocht a dhéanamh de Chontae na Gaillimhe.

Tograí Ábhartha Dearfacha Láinpháirtíochta i gCo. na Gaillimhe	Dúshláin Ábhartha Lánpháirtíochta i gCo. na Gaillimhe
• Fóram Idirchultúrtha Chontae na Gaillimhe. • Gníomhaíochtaí agus féilte chun an lánpháirtíocht a chur chun cinn • Gníomhaíochtaí iniatacha spóirt • Tionscadail shonracha a dhíríonn ar dhaoine óga sna mionlaigh eitneacha • Caidreamh a thógáil agus Baic a shátú le gníomhaíochtaí deonacha • Oibrí pobail nó grúpa tacaíochta dílsithe do ghrúpaí eitneacha mionlaigh • Leabharlanna a úsáid le haghaidh lánpháirtíochta. • Tacaí faisnéise agus stocaireachta • Cothú na lánpháirtíochta sna meáin áitiúla	• Spéis theoranta san idirchultúrachas • Stoiteacht agus easpa spásanna sóisialta le haghaidh idirghníomhaíochtaí • Deacrachtaí le móiminteam ghrúpaí eitneacha miolnaigh a choinneáil suas • Leibhéil ísle rannpháirtíochta sibhialta • Ciníochas, leithcheal agus steiréitíopáil dhiúltach • Deacrachtaí cumarsáide agus easpa faisnéise

Gníomhaíochtaí	Eagraíochtaí Treoracha	Comhpháirtithe Ionchasacha	Torthaí Ionchasacha	Fráma Ama
4.1 Imeachtaí for-rochtana a eagrú agus leanúint ar aghaidh leis an bhfeachtas "I do it" d'fhonn feasacht a ardú faoi dheiseanna deonacha agus clárú a spreagadh, le hábhar aistrithe de réir mar is cuí.	Ionad Oibrithe Deonacha na Gaillimhe	FRC Ionaid pobail/spásanna poiblí eile le hostáil a dhéanamh ar fhor-rochtain Fóram Pobail Leabharlanna	- Beidh tuiscint níos fearr ag gach ball/grúpa de mhionlaigh eitneacha faoi dhinimic na hoibre deonaí agus faoina buntáistí i gContae na Gaillimhe, agus beidh níos mó fonn orthu a bheith páirteach sa tseirbhís.	2013-2017
4.2 Beidh eagraíochtaí a oibríonn le grúpaí mionlaigh eitneacha in ann oibrithe deonacha a fháil le cabhrú lena gcuid oibre, trí rólanna deonacha a fhógairt agus oiliúint i mbainistiú oibrithe deonacha a sholáthar.	Ionad Oibrithe Deonacha na Gaillimhe	Grúpaí Mionlaigh Eitneacha Seirbhís Faisnéise do Shaoránaigh	- Dhá chlár oiliúna sa bhliain a sheachadadh lena n-áirítear earcaíocht agus bainistíocht chothrom iniata ar oibrithe deonacha.	2013-2017
4.3 Faisnéis, comhairle agus abhcóideacht a sholáthar do gach ball den phobal maidir lena gcearta agus a dteidlíochtaí. 4.3a Clinic sheachtainiúil a sholáthar le hoibrithe atá líofa i bPolannais agus i Liotuánais agus i Rúisis. 4.3b Cainteanna faoi chearta agus teidlíochtaí a sholáthar do ghrúpaí pobail (bunaithe ar shaincheisteanna agus ar cheantair) agus do scoileanna ar iarratas.	Seirbhís Faisnéise do Shaoránaigh	Leabharlanna Comhairle Contae na Gaillimhe Fóram Idirchultúrtha Scoileanna Grúpaí Pobail	- Feasacht níos fearr ag baill agus grúpaí mionlaigh eitneacha faoi chearta agus teidlíochtaí má tharlaíonn teagmhais ciníochais agus idirdhealaithe dóibh. - Tacaíocht á fháil ag na pobail Pholannacha, Rúiseacha agus Liotuánacha ó chlinicí seachtainiúla. - Atreoruithe déanta ó ionaid chontae agus oifigí for-rochtanna freisin.	2013-2017

4.4 Ionaid chruinnithe a sholáthar do ghrúpaí mionlaigh eitneacha agus an áis seo a phoiblí i mbróisiúir eagraíochtaí/grúpaí, nuachtlitreacha agus suímh idirlín.	WTID FRC Ionaid oiliúna CGO chathair na Gaillimhe Oifigí for-rochtana GRD (Port Omna, Tuaim, Béal Átha na Sluaighe) FÓRAM Chonamara GTM Comhairle Contae na Gaillimhe	Leabharlanna Scoileanna agus Eaglaisí Spásanna cruinnithe le cur chun cinn ag Fóram Idirchultúrtha agus Fóram Pobail.	- Is mó an claonadh a bheidh ag grúpaí mionlaigh eitneacha teacht le chéile, bualadh leis an bpobal i gcoitinne agus a bheith rannpháirteach leo. - Níos mó feasachta faoi áiseanna pobail, níos mó a bheith ar fáil	2013 - 2017
4.5 Pointe teagmhála agus faisnéis phobail a sholáthar do na grúpaí mionlaigh eitneacha agus a chinntiú go mbeidh rochtain acu ar an bhfaisnéis seo i dtimpeallacht chairdiúil.	FRC Seirbhís Faisnéise do Shaoránaigh	An Garda Síochána[i] Leabharlanna Grúpaí Mionlaigh Eitneacha	- Spreagfar grúpaí mionlaigh eitneacha le bheith rannpháirteach i seirbhísí áitiúla le faisnéis agus pointí teagmhála áisiúla..	2013 -2017
4.6 Foireann agus oibrithe deonacha an tSeirbhís Faisnéise do Shaoránaigh a oiliúint maidir le cearta inimireach, tacaíocht, comhairle agus abhcóidíocht a sholáthar do dhaoine aonair agus do ghrúpaí as mionlaigh eitneacha.	An tIonad Lánpháirtíochta Seirbhís Faisnéise do Shaoránaigh na Gaillimhe	Ionaid Faisnéise Saoránach áitiúla ar fud Chontae na Gaillimhe.	- Gheobhair lucht foirne agus oibrithe deonacha na scileanna riachtanacha chun comhairle leanúnach tacaíochta agus abhcóidíocht a sholáthar do ghrúpaí mionlaigh eitneacha trí atreoraithe ó Sheirbhís Faisnéise do Shaoránaigh na Gaillimhe.	2013
4.7 Tacú le Fóram Idirchultúrtha Chontae na Gailimhe a bunaíodh i 2011 trí fhreastal ar chruinnithe agus	Comhairle Contae na Gaillimhe	Forbairt Tuaithe na Gaillimhe An tIonad	- Beidh Fóram Idirchultúrtha na Gaillimhe ag fás i neart, inniúlacht agus uimhreacha.	2013-2017

tacaíocht riaracháin a sholáthar.		Lánpháirtíochta Fóram Pobail Chontae na Gaillimhe	- Aithneofar an Fóram Idirchultúrtha mar fheithicil comhairliúcháin sa chontae, réigiún, srl.	
4.8 Clár Gradam á eagrú thar ceann Fhóram Idirchultúrtha Chontae na Gaillimhe ar son na gcleachtas is fearr maidir le téamaí éagsúla den straitéis (m.sh. an cleachtas is fearr i bhForbairt Pobail, Fiontraíocht, Fostaíocht, Oideachas agus Oiliúint do phobail mionlaigh eitneacha (lena n-áirítear an Lucht Siúil)	Fóram Idirchultúrtha	Cuideachtaí daonchairdiúla Comhairle Contae na Gaillimhe Oifig an Mhéara FÓRAM Chonamara GRD Eagraíochtaí Gnó Comhlachais Tráchtála Fóram Pobail	- Deachleachtais a cheiliúradh agus grúpaí mionlaigh eitneacha a iniamh.	2013 - 2014
4.9 Idirghabháil leis na meáin le saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar ghrúpaí eitneacha mionlaigh a chur in iúl, agus le cinntiú go mbeidh ionadaíocht chear4.9at ag grúpaí mionlaigh eitneacha. 4.9b Straitéisí agus deiseanna a fhiosrú agus fhorbairt le dul I ngleic le ciníochas agus tacaíocht a thabhairt d'íobairtigh	An tIonad Lánpháirtíochta Fóram Idirchultúrtha na Gaillimhe	Fóram Idirchultúrtha Na meáin áitiúla Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe Baill Idirghníomhaireachtaí Lánpháirtíochta agus Éagsúlaithe	- Trí chaidreamh níos fearr a choinneáil leis na meáin, beidh tuiscint agus ionadaíocht ann do shaincheisteanna inimirce agus lánpháirtíochta. -Feasacht agus comhroinnt faisnéise a mhéadú maidir le modhanna le dúshlán a thabhairt don Chiníochas agus don idirdhealú. - An tacaíocht riachtanach a thabhairt d'íiobairtigh ciníochais agus idirdhealaithe.	2014-2017 2013-2017

4.10 Intéarnacht/socrúchán oibre a chruthú le tacú le feidhmiú Straitéis Lánpháirtíochta agus Éagsúlachta Chontae na Gaillimhe. (Nóta: Intéarnach/riarthóir sannaithe don Idirghníomhaíocht le fáil trí Job Bridge nó clár TUS)	Forbairt Tuaithe na Gaillimhe mar threoraí ar an Idirghníomhaireacht Lánpháirtíochta agus Éagsúlachta.	Grúpa Straitéise Idirghníomhaireacht Lánpháirtíochta agus Éagsúlachta	- Gheobhaidh grúpaí mionlaigh eitneachaagus baill níos buaine de na pobail: • Feasacht níos mó faoi shaincheisteanna agus imeachtaí • Dáileadh leathan ar fhaisnéis trí oibrí intéarnach/raracháin trí Líonraí agus meáin shóisialta bunaithe (Facebook) • Tuiscint níos mó ar phobail mhionlaigh eitneacha i gContae na Gaillimhe • Rannpháirtíocht níos mó sa phróiseas toghcháin áitiúil agus • beidh níos mó caoinfhulaingthe agus rannpháirtíochta sa phobal.	2013 – 2014
4.11Tacaíocht thógáil cumais a sholáthar do ghrúpaí áitiúla inimirceacha/mionlaigh. (Cruthógar scéim bheag deontais mar thaca dó seo). 4. 11a Leibhéal rannpháirtíochta na ngrúpaí mionlaigh eitneacha sna cúrsaí Saoránachta Gníomhacha a mhéadú sa chontae agus iad a chur chun cinn trí líonraí áitiúla a chuirfidh ar chumas ghrúpaí mionlaigh eitneacha a bheith rannpháirteach.	Forbairt Tuaithe na Gaillimhe	Fóram Idirchultúrtha OÉG FRC Grúpaí Pobail	- Beidh an cumas ag grúpaí mionlaigh eitneacha iad féin a bhuanú agus idighníomhú go rathúil leis an phobal i gcoitinne. - Grúpaí a thógáil ó réamhfhorbairt, go tógáil acmhainneachta go hidirghabháil le beartais. - Móimint agus tacaíocht do ghrúpaí mionlaigh a choinneáil agus gníomhaíochtaí lánpháirtíochta a chur chun cinn. - Fóram d'inimircigh óga a bhunú - Tacú le grúpaí mionlaigh eitneacha trí scéim bheag deontais. - Dhá chúrsa GRD i Saoránacht Ghníomhach ar fáil ar fud an chontae. - Feabhsóidh an méadú ar rannpháirtíocht ghrúpaí mionlaigh eitneacha an acmhainneacht chun na grúpaí a bhuanú agus a fhorbairt mar ghrúpaí agus idirhgabháil rathúil a dhéanamh leis an phobal i gcoitinne.	2013 – 2014

4.12 Cur chun cinn na héagsúlachta sa spórt. 4.12a Clár píolótach a eagrú agus a sheachadadh le haghaidh Futsal i nGaillimh trí thacaíocht a thabhairt do ghrúpaí a bheith páirteach i gcluichí, sraitheanna agus socruithe áitiúla a bhunú agus a bheith rannpháirteach i gcomórtais i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir.. 4.12b Campaí ilchultúrtha spóirt a eagrú agus a sheachadadh i nGaillimh le leanaí bunscoile 5 go 12 bliana d'aois. 4.12c Lánpháirtíocht in imeachtaí spóirt agus cultúrtha a chur chun cinn trí idirghabháil le grúpaí áitiúla pobai, idirchultúrtha agus idirchreidimh trí dhíriú go sonrach ar ghrúpaí áirithe a bheith rannpháirteach i ngníomhaireachtaí áitiúla.	Comhpháirtíocht Spóirt Chontae na Gaillimhe.	An Garda Síochána Fóram Idirchultúrtha Cumann Peile na hÉireann CLG An tIonad Lánpháirtíochta Fóram Pobail	- Deis lánpháirtíochta níos mó trí spórt. - Níos mó rannpháirtíochta i spórt agus na sochair ghaolmhara sláinte - Níos mó deiseanna lánpháirtíochta níos iomláine trí spórt do dhaoine óga sna spriocphobail. - Níos mó rannpháirtíochta i spórt, sochar sláinte - tugann an clár an deis a bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht fhisiciúil ar chostas íseal do dhaoine go mb'fhéidir nach mbeadh rochtain acu ar an deis gan é. Méadú ar líon na rannpháirtithe as grúpaí mionlaigh eitneacha i ngníomhaíochtaí spóir (.i. an clár Kick Start to Fitness, 12 seachtain gníomhaíochta fisiciúil ar chostas íseal d'fhir gan fostaíocht idir 25 agus 60, atá á reáchtáil i mBaile Átha an Rí, Baile Locha Riach, An Gort, Muirbheach agus Westside.	2013 2013 2014 -2017
Éagsúlacht in Obair Óige 4.13 Rannpháirtíócht le Comhairle Óige na hÉireann ina gclár idirchultúrtha agus comhionnanais agus san oiliúint ar Access All Areas: Acmhainn Éagsúlachta agus Acmhainn Uirlisí dírithe ar chleachts iniatach in obair óige.	Comhairle Óige na hÉireann CGO Chontae na Gaillimhe	Comhairle Contae na Gaillimhe Eagraíochtaí Óige: Foróige, Gasóga Éireann, Youthwork Ireland Gaillimh, INVOLVE Óige na Gaeltachta	- Tugtar oiliúint san acmhainn "Access all Areas" d'Eagraíochtaí Óige agus beidh siad ábalta a dtionscadail agus a gcleachtadh a mheas i dtéarmaí comhionnanais agus iniatachta agus pleananna gníomhaíochta a fhorbairt d'fhonn seirbhís níos fearrr a sholáthar do dhaoine óga.	2013- 2015

4.14 CGO Chontae na Gaillimhe, le NYCI le Suirbhé Éagsúlachta a dhéanamh ar thionscadail mhaoinithe óige agus ar Ionaid Youthreach i gCo. na Gaillimhe.	CGO Chontae na Gaillimhe	NYCI Comhairle Contae na Gaillimhe Oifig Lánpháirtíochta 5 Ionad Youthreach i nGaillimh Youthwork Ireland Gaillimh Tionscadail óige INVOLVE WTID Tuam Muintearas Leitir Móir FÓRAM Chonamara Tionscadal Tacaíochta Ógánach (Foróige) FSS Thiar	- Mapáil lucht foirne agus daoine óga in ionaid Youthreach agus i dtionscadail óige i gContae na Gaillimhe, ag úsáid suirbhéanna Rochtain Gach Áit. Pictiúr bunlíne de sholáthar óige agus de neart agus bearna chleachtas iniatach obair óige i gContae na Gaillimhe. - Pleananna Gníomhaíochta do sheirbhísí óige a fhorbairt agus cleachtas iniatach obair óige a mhéadú. - Foilsiú tuarascáil an tSuirbhé Éagsúla faoi réir ag maoiniú.	2013 2013-2015

[i] Tugadh cuireadh don Gharda Síochána a bheith rannpháirteach i nGrúpa Idirghníomhaireachtaí Lánpháirtíochta agus Éagsúlaithe Chontae na Gaillimhe agus tá a ról teoranta don méid a deir a ráiteas misin "Ag obair le pobail a chosaint agus freastail orthu,' gan idirdhealú.